C/2025/4350

1.8.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12054 – GATX / BROOKFIELD INFRASTRUCTURE / WELLS FARGO (RAIL ASSETS))

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/4350)

1. An 14 Iúil 2025, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— GATX Corporation ('GATX', Stáit Aontaithe Mheiriceá),

— Brookfield Infrastructure Fund V-C, L.P., ('Brookfield', Stáit Aontaithe Mheiriceá), faoi rialú Brookfield Corporation ('Brookfield Corporation', Ceanada), agus

— Wells Fargo & Company ('Wells Fargo', Stáit Aontaithe Mheiriceá).

Gheobhaidh GATX agus Brookfield comhrialú indíreach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar phunann léasa airgeadais iarnróid Wells Fargo trí GABX Leasing LLC,

Gheobhaidh Brookfield rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar phunann léasa airgeadais iarnróid Wells Fargo; agus

Gheobhaidh GTAX rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar phunann léasa oibriúcháin innill féinghluaiste Wells Fargo.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna agus trí bhíthin ceannach sócmhainní.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is léasóir carr iarnróid é GATX atá lonnaithe sna Stáit Aontaithe agus ar leis flíteanna i Meiriceá Thuaidh, san Eoraip agus san Áise;

— Is é Brookfield rannán bonneagair domhanda Brookfield Corporation ar leis sócmhainní fadsaoil ardcháilíochta in earnálacha na bhfóntas, an iompair, na meánteachtacha agus na sonraí agus a oibríonn sócmhainní fadsaoil ardcháilíochta sna hearnálacha sin ar fud Mheiriceá Thuaidh agus Theas, an Aigéin Chiúin agus na hÁise, agus na hEorpa.

3. Is éard a bheidh i ngníomhaíochtaí gnó GABX Leasing LLC léasú oibriúcháin rothstoic. Is éard atá sna gnólachtaí eile de chuid Wells Fargo atá á bhfáil an léasú oibriúcháin cairr iarnróid agus innill fhéinghluaiste agus léasú airgeadais cairr iarnróid agus innill fhéinghluaiste atá lonnaithe sna Stáit Aontaithe, i gCeanada agus i Meicsiceo.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12054 – GATX / BROOKFIELD INFRASTRUCTURE / WELLS FARGO (RAIL ASSETS)

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË